Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. fr)

7428/22

LIMITE

FISC 79
ECOFIN 250

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0005(CNS)

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14584/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 20 final |
| Ábhar: | TREOIR ón gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha<br>- Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 18 Eanáir 2018, chuir an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha faoi bhráid na Comhairle[1].

2. Is é is aidhm don togra cothrom na Féinne a chruthú agus níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm rátaí laghdaithe agus rátaí nialasacha cánach breisluacha.

3. An 7 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir leis an togra.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún a dtuairimí an 23 Bealtaine[2] 2018 agus an 10 Deireadh Fómhair[3] 2018 faoi seach.

[1] 5335/18.
[2] IO C 283, 10.8.2018, lch. 35.
[3] IO C 283, 21.12.2018, lch. 43.

5. Ós rud é gur thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2018[4], chinn an Chomhairle tar éis do théacs an chur chuige ghinearálta a bheith glactha, dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís i bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha idir an téacs ón gCoimisiún, a ndeachthas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ina leith ar dtús, agus an téacs a tíolacadh, de bhun Airteagal 19(7)(h) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle. Dá bhrí sin, thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 9 Márta 2022[5].

## II. CONCLÚID

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Treoir thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, mar a leagtar amach in 5442/22, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2018-0371_EN.html
5 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0061_EN.html



PUBLIC